



2009. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

---

## **STAIR – ARDLEIBHÉAL**

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

---

*FOINSÍ*

---

### **1. PICTIÚIR**

*PICTIÚR A.*




(Foinse: [www.dkimages.com](http://www.dkimages.com))

**PICTIÚR B.**



(Foinse: 'Birth of the Republic' le Walter Paget. Ard-Mhúsaem na hÉireann.)

*PICTIÚR C1 agus C2.*



Bí ann agus bí linn ag  
**FÓMHAR AN BHUA**

Tá tú ag teastáil sna goirt!

Iarr bileog agus foirm liostála ag do  
mhalaírtán fostáiochta áitiúil nó scríobh  
chuig Roinn Talmhaíochta na hAlban ag  
15 Sráid Grosvenor, Dún Éideann.

Mná na Breataine

**TÉIGÍ ISTEACH SNA MONARCHANA**

Iarr comhairle agus gach eolas ó  
aon mhalaírtán fostáiochta

(Foinse: Imperial War Museum, London.)

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

*Sliocht as “Archaeology is Rubbish”, Robinson & Aston, Pan Macmillan Ltd., 2003, l 100*

Baincéir Gearmánach sa naoú haois déag ba ea Heinrich Schliemann a raibh miotas Chogadh na Traí á síor-chiapadh ina intinn. Theastaigh uaidh thar aon ní eile teacht ar chathair ársa na Traí, áit dar leis an bhfile dall Homer, a raibh Hector, Odysseus agus Achilles ag iomaíocht lena chéile i gcath fiocmhára níos mó ná 3,000 bliain ó shin.

Sa bhliain 1869 rinne Schliemann cnoc beag a fhionnadh sa Tuirc ar a dtugtaí Hissarlik. Chreid sé go raibh an chathair a bhí á lorg aige istigh faoin gcnoc. Ba é an donas é, leis an bhfonn a bhí air a theoríc a dheimhniú, gur thocail sé trí chiseal i ndiaidh cisil de sheandálaíocht go dtí go bhfuair sé é. Ba ghearr go raibh cáil ar an láthair. Foilsíodh fótagraf de bhean Schliemann i nuachtáin an domhain agus seoda á gcaitheamh aici a cheapadar a d’fhéadfadha a bheith mar ornáidí ar aghaidh álainn Héilín na Traí tráth dá raibh.

Ach leis an bhfírinne a rá ní raibh Schliemann tar éis teacht ar Thraí Homer in aon chor. Laistigh de thrí bliana tar éis a bháis chruthaigh duine dá chomh-oibrithe go raibh dul amú air sa teoiric a bhí aige. Láthair seandálaíochta ba ea é agus fiorsheoda a bhí iontu ach bhain an láthair agus na seoda le tréimhse eile ar fad. Agus an fuadar a bhí faoi lena bhrionglóid a fhíorú, rinne sé scrios ar an-chuid seandálaíochta nach bhféadfaí a leithéid a aimsiú arís. Tá cuma láthair bhuamála ar Hissarlikanois.

Tá seandálaíthe ann a deir gurb é an sampla is measa dá bhfaca siad riamh de chreachadóireacht seandálaíochta a rinneadh d'aon ghnó. Baineann seandálaíocht mhaith le breathnú ar láthair agus cuntas cruinn a choimeád ar cad atá ann. Ní bhaineann sé le dul ag cuardach rud éigin agus ansin a áiteamh ort féin go bhfuil an fhianaise ar aon dul leis an teoiric atá agat.

*Foinse: “Archaeology is Rubbish”, Robinson & Aston, Pan Macmillan Ltd., 2003, l 100*

### DOICIMÉAD 2.

*Sliocht as cuntas a thug Major General Howes, oifigeach in arm na Breataine. Bhí sé ar sheirbhís in Éirinn i rith Cogadh na Saoirse, 1919-1921.*

Bhí mé im Chaptæn Fóirne i gceantar Chorcaí. Bhí an ghráin ag na saighdiúirí ar mhuintir Shinn Féin. Níor tháinig siad amach go hoscailté riamh. Rinneadh an lámhach go léir i do dhrom ó laistiar de bhallaí. Nuair a bhídís sáinithe mar a tharlaíodh nuair a bhíodh airm á lorg againn ar dhroichead agus dhá thaobh an droichid dúnnta againn, shíneadh siad na gunnaí go dtí na mná agus chuireadh siad sin iad i bhfolach faoin a gcuid sciortai. Déantaí na fir a chuardach ach ní chuardaití na mná riamh. Ghlac na sagairt páirt ghníomhach agus dhéanadh siad eachtra a mholadh mar éacht troda ar nós pólín a dhúnmharú nach mbíodh aon airm aige agus a tharraingtí amach as bus agus a dhéanadh daoscarshluá é a lámhach agus é a fhágáil caite ar an mbóthar.

Cuireadh níos mó agus níos mó trúpaí isteach sa taobh ó dheas d'Éirinn go dtí go raibh 100,000 díobh ann. Cuireadh beartais chun an réabhlóid a mhúchadh i bhfeidhm agus bhí ag éirí linn an réabhlóid a chur faoi chois. Roghnaigh Rialtas na Breataine an tráth seo chun géilleadh. Na saighdiúirí go léir a chailleamar, ní raibh ann ach íobairt in aisce. Bíodh is go mbeadh sé ciallmhar saoirse a thabhairt don taobh ó dheas d'Éirinn, ’sé mo thuairim go bhféadfaí é sin a dhéanamh níos túisce nó é a choinneáil siar go dtí go mbeadh sé soiléir go rabhamar sách láidir lena leithéid a cheadú.

Ní raibh aon bhaint agam leis na ‘Dubhchrónaigh’. Bhí taithí ag na fir seo go léir ar pháirc an chatha agus cuid mhaith díobh tar éis cáil a bhaint amach dóibh féin. Fir chrua a bhí iontu go léir. Thugadar aghaidh ar na réabhlóidithe céim ar chéim agus bhuaigh siad orthu le cor in aghaidh an chaim. B’shin an chúis go raibh droch-cháil orthu. An gnáth-shaighdiúir, mar a tharlaíonn i gconaí, b’fhurasta é a mharú. Bhí air fanacht go gcaithfí piléar leis sula mbeadh cead aige tabhairt faoin namhaid. Aon rud a rinne sé bhíodh scéala faoi sna nuchtáin agus go minic sa Pharlaimint. Chun scéal gairid a dhéanamh de, bhí an ghráin go huile is go hiomlán ag muintir na hÉireann ar arm Shasana.

*Foinse: “Forgotten Voices of the Second World War” le Max Arthur, Random House, 2004*